Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15144/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0277(NLE)**

**UD 246**
**AL 4**
**MED 64**
**COMER 139**
**WTO 139**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 499 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 6 a ghabhann leis, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin, a ionadú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 499 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 499 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2024
COM(2024) 499 final

2024/0277 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 6 a ghabhann leis, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin, a ionadú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Leis an togra seo, leagfar amach an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas agus an Ailgéir maidir leis an leasú ar Phrótacal 6 a ghabhann leis an gComhaontú sin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile

Is é is aidhm don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas agus an Ailgéir[1] ('an Comhaontú') na coinníollacha a leagan amach chun an trádáil earraí, seirbhísí agus caipitil a léirscaoileadh de réir a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2005.

### 2.2. An Chomhairle Comhlachais

Féadfaidh an Chomhairle Comhlachais, arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 92 den Chomhaontú, cinneadh a dhéanamh Prótacal 6 (go háirithe Airteagal 39) a leasú. Is trí chomhaontú idir an dá pháirtí (i.e. an tAontas agus an Ailgéir) a tharraingíonn an Chomhairle Comhlachais suas a cuid cinntí agus moltaí.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhairle Comhlachais

Ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle Comhlachais, nó trí mhalartú litreacha, tá sí le cinneadh a ghlacadh maidir leis an leasú ar Phrótacal 6 ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe Prótacal 6 a leasú trí phrótacal nua a chur ina ionad ina mbeidh tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, ionas go mbeidh tagairt ann i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 97, mír 2 den Chomhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH

Leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') leagtar síos forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na páirtithe conarthacha. Shínigh an tAontas Eorpach agus an Ailgéir an Coinbhinsiún an 15 Meitheamh 2011 agus an 5 Deireadh Fómhair 2012, faoi seach.

Rinne an tAontas agus an Ailgéir a n-ionstraimí glactha a thaisceadh le taiscí an Choinbhinsiúin an 26 Márta 2012 agus an 27 Eanáir 2017, faoi seach. Mar thoradh air sin, faoi Airteagal 10 de, tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis an Aontas agus an Ailgéir an 1 Bealtaine 2012 agus an 1 Márta 2017, faoi seach.

Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023

[1] IO L 265, 10.10.2005.

Sonraítear in Airteagal 6 den Choinbhinsiún nach mór do gach páirtí conarthach bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart don Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú cinneadh a ghlacadh lena dtabharfaí isteach rialacha an Choinbhinsiúin faoi Phrótacal 6. Déantar é sin trí thagairt don Choinbhinsiún a thabhairt isteach sa Phrótacal leasaithe ionas go mbeidh sé infheidhme.

Ba cheart don Chomhairle an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhairle Comhlachais a bhunú.

Is leasuithe teicniúla iad na leasuithe atá beartaithe agus ní dhéantar difear leo do shubstaint an phrótacail maidir le rialacha tionscnaimh atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh ina leith.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo mar gheall ar na rialacha dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í an Chomhairle Comhlachais a bunaíodh le comhaontú, mar atá, an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile.

An gníomh a iarrtar ar an gComhairle Comhlachais a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh sé ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 97, mír 2 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

---

2 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Comhaontú le gníomh ón gComhairle Comhlachais, b'iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2024/0277 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 6 a ghabhann leis, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin, a ionadú**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile ('an Comhaontú'), a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2005/690/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2005. Le Prótacal 6, sainmhínítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus leagtar síos modhanna comhair riaracháin.

(2) De bhun Airteagal 39 den Phrótacal sin, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a bunaíodh le hAirteagal 92 den Chomhaontú ('an Chomhairle Comhlachais') cinneadh a dhéanamh forálacha an phrótacail sin a leasú.

(3) Tá an Chomhairle Comhlachais le Cinneadh a ghlacadh le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aici nó trí mhalartú litreacha, maidir le leasú a dhéanamh ar Phrótacal 6.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a leagan síos, ós rud é go mbeidh an cinneadh ón gComhairle Comhlachais ina cheangal ar an Aontas.

(5) Rinne an tAontas an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012. Leagtar síos leis forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha, forálacha a mbeidh feidhm acu gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe sin.

[1] Cinneadh ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile (IO L 265, 10.10.2005).

[2] Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2011 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013).

(6) Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023[3].

(7) Tiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025 i ndáil le gach Páirtí Conarthach. Chun a áirithiú go gcuirfear an leasú ar an gCoinbhinsiún idir na Páirtithe i bhfeidhm láithreach agus go héifeachtach, ba cheart tagairt don Choinbhinsiún a thabhairt isteach i bPrótacal 6, ionas go mbeidh tagairt ann i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm. In éagmais na tagartha sin, ní áiritheofaí cur i bhfeidhm éifeachtach an leasaithe ar an gCoinbhinsiún, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chóras an charntha thrasnánaigh.

(8) Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart don Chomhairle Comhlachais cinneadh a ghlacadh lena dtugtar isteach tagairt don Choinbhinsiún i bPrótacal 6 a ghabhann leis an gComhaontú, ionas go mbeidh tagairt ann i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais, beidh sé bunaithe ar an dréachtghníomh ón gComhairle Comhlachais a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[3] IO L, 2024/390, 19.2.2024.